COMHDHEARBHÚ AR IOMPAR AINRIANTA IN AERFOIRT AGUS AR AERÁRTHAÍ

Cloíonn formhór mór na bpaisinéirí le treoracha agus léiríonn siad ómós don fhoireann agus do phaisinéirí eile. Dá ainneoin sin, aithníonn sínitheoirí an Chomhdhearbhaithe seo an gá atá le dea-iompar paisinéirí a chur chun cinn go gníomhach mar gheall ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompar suaiteach agus ainrianta ar shábháilteacht eitilte.

Aithníonn gach sínitheoir a cumas aonair agus comhchoiteann chun tionchar dearfach a bheith acu ar líon foriomlán na n-eachtraí ainrianta trí:
(1) cumarsáid a dhéanamh go réamhghníomhach le paisinéirí ar bhealach éifeachtach a leagann béim ar thábhacht an dea-iompair agus a mheabhraíonn tromchúis iompair suaiteach agus ainrianta;
(2) tacú le fostaithe teacht roimh iompar suaiteach agus a chinntiú nach nglactar le hiompar ainrianta nuair a tharlaíonn sé;
(3) a aithnt go bhféadfadh alcól agus drugaí cur le hiompar ainrianta agus féachaint le tomhaltas iomarcach alcóil a íoslaghdú;
(4) comhoibriú, de réir mar is cuí, le comhshínitheoirí an dearbhaithe seo.

Comhoibriú Struchtúrtha
Aontaímid comhoibriú trí chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le paisinéirí, tacú le fostaithe, ról an alcóil agus drugaí in iompar ainrianta a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn go tréimhsiúil.

(1) Cumarsáid Leanúnach le Paisinéirí
a) Dul i mbun feachtas feasachta leanúnach éifeachtach a leagann amach go soiléir cad lena bhfuiltear ag súil ó phaisinéirí maidir le hiompar cuí agus cad is iompar ainrianta ann:
- **i.** D'fhéadfadh iompar ainrianta a bheith mar thoradh ar ól iomarcach le linn na heitilte nó roimhe;
- **ii.** D'fhéadfadh iompar ainrianta a bheith mar thoradh ar mhí-úsáid drugaí nó iad a mheascadh le halcól le linn na heitilte nó roimhe;
- **iii.** D'fhéadfadh saincheist sábháilteachta a bheith ann mura gcomhlíontar treoracha na foirne;
- **iv.** D'fhéadfadh saincheist sábháilteachta a bheith ann dá gcuirfí isteach ar an bhfoireann agus iad i mbun a gcuid dualgas;
- **v.** A bheith maslach agus foiréigneach ó bhéal agus go fisiceach.

b) Paisinéirí a chur ar an eolas go gceanglaítear ar fhoireann cur chuige neamhfhulaingthe a ghlacadh chun críocha sábháilteachta;
c) Na hiarmhairtí a bhaineann le briseadh an dlí a chur i gcuimhne do phaisinéirí;
d) Ceisteanna Coitianta soiléire a sholáthar do phaisinéirí agus sonraí teagmhála an rialtóra sábháilteachta, má bhíonn ceisteanna breise acu maidir leis na rialacha atá i bhfeidhm.

(2) Tacaíocht Láidir agus Comhsheasmhach d'Fhostaithe
a) Cumhachtóidh a n-eagraíochtaí baill foirne atá dírithe ar phaisinéirí agus tabharfar tacaíocht dóibh ó raon de pheirspictíochtaí éagsúla, lena n-áirítear tacaíocht iar-eachtra nuair is gá;
b) Sainaithneoidh sínitheoirí na hinniúlachtaí atá riachtanach chun iompar ainrianta paisinéirí a chosc agus a bhainistiú, ag cinntiú go n-ionchorprófar inniúlachtaí iomchuí i gcláir oiliúna sábháilteachta agus slándála eitlíochta;
c) Cuimseoidh an feachtas feasachta seo oiliúint a chur ar phearsanra cuí ag leagan béime ar an ngá atá le dul i ngleic leis an treocht reatha agus an spreagadh chun páirt a ghlacadh san fheachtas seo.

(3) Tomhaltas alcóil agus drugaí
a) Aithníonn sínitheoirí go bhféadfadh tomhaltas iomarcach alcóil agus drugaí, lena n-áirítear drugaí mídhleathacha roimh, nó le linn na heitilte a bheith ina chúis d'iompar ainrianta. Comhaontaítear gur féidir é sin a íoslaghdú ach na straitéisí seo a leanas a leanúint go gníomhach:
- **i.** Paisinéirí a chur ar an eolas go bhféadfadh mí-úsáid alcóil agus drugaí cur le hiompar ainrianta;
- **ii.** An fhoireann a chumhachtú chun súil a choinneáil ar agus srian a chur le tomhaltas iomarcach alcóil nuair is cuí;
- **iii.** Cuir i gcuimhne do phaisinéirí faoi dhualgais na foirne srian a chur le tomhaltas iomarcach alcóil nuair is cuí;
- **iv.** Iarracht a dhéanamh athrú cultúir a chruthú nach bhfuil sé inghlactha bheith ar meisce ar eitiltí.

(4) Comhoibriú i measc Eagraíochtaí Sínitheoirí
a) IAA le bheith mar phointe teagmhála, de réir mar is gá, le haghaidh fiosrúcháin nó tuairimí faoin gcomhfheachtas a fhéachann le heachtraí iompair ainrianta a íoslaghdú;
b) Déanfaidh sínitheoirí athbhreithniú ar phrótacail chun cuidiú le foireann aerlíne cosc a chur le paisinéirí suaiteacha agus ainrianta dul ar bord;
c) Ainmneoidh eagraíochtaí sínitheacha ionadaí iomchuí a bheidh freagrach as an dearbhú seo a chuirfear ar an eolas faoi na cruinnithe leathbhliantúla chun monatóireacht, meastóireacht agus forbairt a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile is iomchuí.